Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2019**
**(OR. en)**

**9743/19**

**COMPET 437**
**MI 487**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9402/19 |
| Ábhar: | *- An Chomhairle Iomaíochais ar an 27 Bealtaine 2019*<br>Conclúidí maidir le "Leibhéal nua uaillmhéine do Mhargadh Aonair iomaíoch"<br>*- Glacadh* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo téacs na gConclúidí ón gComhairle "Leibhéal nua uaillmhéine do Mhargadh Aonair iomaíoch" mar a ghlac an Chomhairle Iomaíochais iad ag an gcruinniú a bhí aici ar an 27 Bealtaine 2019.

## Leibhéal nua uaillmhéine do Mhargadh Aonair iomaíoch

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. MEABHRAÍTEAR DI

– Conclúidí Nollaig 2018 ón gComhairle Eorpach, inar leagadh béim ar an ngá atá le bualadh ar aghaidh le gach gné de chlár oibre an Mhargaidh Aonair agus cur chuige réamhbhreathnaitheach a fhorbairt[1];

– conclúidí an 22 Márta 2019 ón gComhairle Eorpach inar iarradh cur chuige comhtháite lena nasctar na beartais agus na gnéithe ábhartha uile agus go háirithe gur cheart an Margadh Aonair a dhoimhniú agus a neartú a thuilleadh, agus béim ar leith á cur ar gheilleagar seirbhísí a cheapadh agus seirbhísí digiteacha a phríomhshruthú, na bacainní atá fós ann nach bhfuil bonn cirt leo a bhaint agus cruthú ceann nua a sheachaint, agus inar iarradh na Margaí Caipitil a dhoimhniú a thuilleadh agus cánachas cothrom éifeachtach a áirithiú[2];

– an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal *"The Single Market in a changing world – A unique asset of renewed political commitment"* [An Margadh Aonair i ndomhan atá ag athrú – Áis ar leith tiomantais pholaitiúil athnuaite], a glacadh ar an 22 Samhain 2018[3].

[1] EUCO 17/18, mír 2.
[2] EUCO 1/19, míreanna 2, 3.
[3] 14633/2018 + ADD1.

## I. Cur chuige comhtháite don Mhargadh Aonair

2. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhfuil fís fhadtéarmach ag teastáil ón Aontas i gcomhair Margadh Aonair atá iomaíoch ar an leibhéal domhanda, mar bhunchloch d'iomaíochas domhanda na hEorpa lena dtabharfar aghaidh ar na dúshláin dhomhanda, theicneolaíocha, slándála agus inbhuanaitheachta atá ann agus atá ag teacht chun cinn agus lena ndéanfar trácht ar na réimsí beartais ábhartha uile, ag aithint di go n-éilítear leis tiomantas athnuaite ó na Ballstáit agus ó institiúidí an Aontais araon. Ach cur chuige comhtháite réamhbhreathnaitheach a bheith ann i leith dhoimhniú an Mhargaidh Aonair, bheadh ann bonn don aistriú rathúil i dtéarmaí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta ionsar Eoraip éifeachtúil chomhsheasmhach chothrom inbhuanaithe bunaithe ar an digitiú. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le timpeallacht chumasúcháin ghnó d'infheistíocht, nuálaíocht agus fiontraíocht ar fud an Mhargaidh Aonair, lena spreagfar margaí Eorpacha le feidhmiú go maith, beag beann ar a samhail ghnó, le fás agus le bheith láidir go leor sna margaí domhanda, timpeallacht ina n-áiritheofaí cothrom na Féinne ar fud an domhain i dtaca le hiomaíochas agus rialacha sóisialta agus i limistéir ábhartha eile ina gcoimeádfaí na margaí ar oscailt.

3. MEASANN SÍ gur gá gnólachtaí agus saoránaigh a chur i gcroílár an phróisis ceaptha beartas. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thimpeallacht ghnó FBManna a fheabhsú, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí meánchaipitlithe. AITHNÍONN SÍ, chun rannchuidiú le Margadh Aonair a sheasfaidh an aimsir, nach mór don Choimisiún, do na Ballstáit agus do Pharlaimint na hEorpa oibriú i ndlúthchomhar ionsar chur chuige atá níos úsáideoir-lárnaí, a bheadh níos bunaithe ar anailís chuimsitheach ar fhíricí agus riachtanais. Áirítear leis sin tuiscint ar riachtanais agus taithí trasteorann na ngnólachtaí agus na saoránach trí ghrinntaighde a dhéanamh agus é dírithe ar uaillmhianta agus bacainní de réir (fo-)earnála agus/nó de réir limistéar trasteorann/réigiúnach. AITHNÍONN SÍ go bhfuil an Margadh Aonair ag síorathrú agus go bhfuil creatchoinníollacha feabhsaithe chomh maith le huirlisí de dhíth ar ghnólachtaí – go háirithe FBManna – chun cuidiú leo castacht rialála agus ilroinnt dlí sa Mhargadh Aonair a shárú, agus ar an dóigh sin trádáil agus fás trasteorann a éascú.

4. AITHNÍONN SÍ nach mór athstruchtúrú a dhéanamh ar dhoimhniú leanúnach an Mhargaidh Aonair ionas go gcumasaítear go soiléir leis sin cur chuige comhtháite i leith iomaíochas gheilleagar na hEorpa, go gcothaítear sineirgí idir beartas an Mhargaidh Aonair, lena n-áirítear a ghnéithe digiteacha agus tionsclaíocha agus beartais eile, agus trí shaorghluaiseacht earraí agus seirbhísí a phríomhshruthú sna réimsí beartais ábhartha uile. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an tábhacht atá le gníomhaíochtaí tosaíochta chun tacú leis na hearnálacha tionsclaíocha, go háirithe leo sin ar féidir leo feidhmiú níos fearr i dtéarmaí fás eacnamaíoch agus cuspóirí forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar na difríochtaí i bhforbairt eacnamaíoch agus sna coinníollacha gnó ar fud an Aontais agus chun comhtháthú a áirithiú.

5. CUIREANN SÍ I bhFIOS go láidir gur gá na bacainní rialála agus neamhrialála trasteorann atá fós ann agus nach bhfuil bonn cirt leo a bhaint a thuilleadh sa Mhargadh Aonair, go háirithe i margaí na seirbhísí agus deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt trí bhíthin rialacha soiléire comhsheasmhacha. TATHANTAÍONN SÍ aon bhacainní nua agus ilroinnt an Mhargaidh Aonair a sheachaint, i dtimpeallacht oibríochtúil a bhíonn á forbairt i rith an ama. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé na hionstraimí ábhartha uile a úsáid, lena n-áirítear comhchuibhiú a neartú agus cur i bhfeidhm an aitheantais fhrithpháirtigh, de réir mar is iomchuí.

6. MEABHRAÍTEAR DI go gcumasaítear leis an digitiú tuilleadh trádála trasteorann agus Margadh Aonair níos comhtháite. Tábhacht chothrománach atá leis an digitiú agus, dá réir sin, ba cheart é a bheith ina chuid lárnach de gach beartas. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhféadfaí, le haistriú digiteach, ualaí riaracháin a laghdú go mór agus creatchoinníollacha d'infheistíocht ghnó a fheabhsú agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur réamhchoinníoll é rialachán atá digiteach de réir réamhshocraithe a sheasfaidh an aimsir le haghaidh Margadh Aonair dea-fheidhmiúil, lena gcuirtear nuálaíocht, teicneolaíochtaí agus samhlacha gnó nua chun cinn agus lena gcumasaítear seirbhísí poiblí digiteacha níos éifeachtúla agus furasta le húsáid lena laghdaítear ualaí nach bhfuil gá leo. AITHNÍONN SÍ an tábhacht atá le cuimsiú digiteach, scileanna digiteacha, oideachas agus feasacht dhigiteach tomhaltóirí, cibearshlándáil, lena gcumasaítear bonneagar agus r-rialtas.

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na deiseanna atá á dtairiscint le feidhmiú optamach an mhargaidh aonair do sheirbhísí agus AITHNÍONN SÍ gur gá comhtháthú trasteorann mhargaí na seirbhísí a dhoimhniú, ag féachaint do na héifeachtaí suntasacha iarmharta ar earnálacha ábhartha agus d'idirspleáchas méadaitheach na seirbhísí agus an tionscail i luach breise a chruthú laistigh de na slabhraí luacha domhanda. LEAGANN SÍ BÉIM ar sheirbhísí digiteacha agus geilleagar sonraí mar chuid lárnach den Mhargadh Aonair agus CUIREANN SÍ I dTREIS go soláthrófar le geilleagar seirbhísí níos iomaíche bonn láidir dár dtionscail agus gnólachtaí agus iad ag dul i ngleic leis an gcur isteach teicneolaíoch gasta. MEABHRAÍTEAR DI an gá atá le soghluaisteacht gairmithe a fheabhsú.

8. CUIREANN SÍ I bhFÁTH a thábhachtaí atá sé go mbeidh bonn láidir faoin ngeilleagar agus infheistíocht leordhóthanach leis an Margadh Aonair a fhorbairt a thuilleadh agus tacú lena dhea-fheidhmiú. I ndáil leis sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI roinnt clár a moladh i gcreat CAI 2021-2027, amhail Fís Eorpach, Clár an Mhargaidh Aonair, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, cláir InvestEU, an Eoraip Dhigiteach agus Cláir an Chiste Eorpaigh Cosanta. AITHNÍONN SÍ an cumas substainteach atá iontu iomaíochas an Mhargaidh Aonair a neartú.

9. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú ceart trédhearcach éifeachtach reachtaíocht an Aontais a neartú, ar leibhéal an Aontais agus go náisiúnta, agus ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil araon, chun muinín na gcuideachtaí agus na saoránach a mhéadú go bhfuil a gcearta bunaithe ar rialacha agus saoirsí an Mhargaidh Aonair á gcomhlíonadh i gcleachtas. AITHNÍONN sí an tábhacht atá leis na nósanna imeachta um fhógra a thabhairt; MEASANN SÍ go bhfuil gá le tuilleadh trédhearcachta i ndáil le beartas an Choimisiúin maidir leis an gcur chun feidhme, leis an gcur i bhfeidhm agus leis an bhforfheidhmiú sa Mhargadh Aonair. MEABHRAÍTEAR DI na tairbhí a bhaineann le córas EUPilot.

10. MEABHRAÍTEAR DI an fhreagracht atá ar na comhreachtóirí agus ar an gCoimisiún cur i bhfeidhm na bprionsabal um Rialáil Níos Fearr a fheabhsú, lena n-áirítear "smaoinigh ar fhiontair bheaga ar dtús" agus prionsabal na nuálaíochta, chun creat rialála lúfar a áirithiú agus chun deimhin a dhéanamh de go n-áiritheofar cáilíocht na reachtaíochta ar fud an phróisis reachtaigh. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a gealltanais agus an tábhacht atá le hualaí rialála agus neamhrialála nach bhfuil bonn cirt leo a bhaint, agus IARRANN SÍ go ndéanfaí gealltanais agus cuspóirí nithiúla chun ualaí rialála agus neamhrialála gan ghá a chosc agus a bhaint, agus chun na bacainní teicniúla agus neamhtheicniúla atá fágtha sa Mhargadh Aonair agus nach bhfuil bonn cirt leo a bhaint, agus na caighdeáin cosanta atá ann cheana féin á urramú, agus gan an bonn a bhaint de chuspóirí foluiteacha na reachtaíochta. IARRANN SÍ ar gach páirtí lena mbaineann cur chuige atá níos bunaithe ar phrionsabail agus fianaise, agus dírithe ar an margadh i leith ceapadh beartas agus leagan síos rialacha nua a neartú, agus ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún araon díriú ar chur chun feidhme agus forfheidhmiú sna blianta beaga atá romhainn. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún sainordú ardán REFIT a athnuachan.

## II. Glao ar ghníomhaíocht

11. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- críoch a chur, faoi Mhárta 2020, leis an measúnú ar na bacainní rialála agus neamhrialála atá fós ann agus ar na deiseanna laistigh den Mhargadh Aonair, agus aird faoi leith ar sheirbhísí, ag tógáil ar Chonclúidí mhí na Nollag 2018 agus mhí Mhárta 2019 ón gComhairle Eorpach agus ar thuarascáil mhí na Samhna 2018 ón gCoimisiún, agus é a bheith bunaithe ar pheirspictíocht na ngnólachtaí agus na dtomhaltóirí**,** ina bpríomhshruthaítear seirbhísí digiteacha, ina gcuirtear san áireamh breithniú ar an gcreat rialála foriomlán arna shocrú ag an Straitéis maidir le Margadh Aonair agus ag an Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach agus é dírithe ar na limistéir agus ar na saincheisteanna trasteorann is ábhartha.

- meastóireacht a dhéanamh, bunaithe ar an measúnú sin, ar an ngá atá le tuilleadh tionscnamh chun an Margadh Aonair a dhoimhniú agus a neartú, ar cheart dó a bheith "tástáilte go digiteach", dírithe ar an todhchaí agus neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de.

IARRANN SÍ tiomantas iomlán na mBallstát chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní a shainaithnítear, nach bhfuil bonn cirt leo, trí réitigh iomchuí.

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibriú i gcomhar le chéile ar Mhargadh Aonair feabhsaithe, bunaithe ar fhíricí agus riachtanais tríd an méid seo a leanas:

– clár oibre um anailís chomhordaithe, a bheidh le nuashonrú go rialta, darb aidhm grinn-anailís chomhpháirteach a dhéanamh ar dheiseanna le haghaidh comhar trasteorann agus slabhraí luacha, treochtaí eacnamaíocha i (bhfo-)earnálacha sonracha, ionchur cáilíochtúil ó ghnólachtaí, lena n-áirítear trí thurais custaiméirí agus úsáideoirí, modhanna éagsúla soláthair i seirbhísí, agus micreashonraí;

– clár oibre um ghníomhaíocht chomhordaithe, a bheidh le nuashonrú go rialta, lena dtugann na Ballstáit agus an Coimisiún araon gealltanas gníomhaíocht a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní nach bhfuil bonn cirt leo agus ar na deiseanna a shainaithnítear, agus teacht ar réitigh shaincheaptha, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas:

i) taighde comhpháirteach agus deimhniú ar réitigh ar na bearnaí a shainaithnítear trí shaineolaithe éagsúla a thabhairt le chéile;

ii) tionscadail phíolótacha le rannpháirtíocht ó na Ballstáit le réitigh intomhaiste ar fhadhbanna sonracha trasteorann a oibriú amach le chéile, go háirithe scéalta trasteorann úsáideoirí,

iii) gníomhaíochtaí saincheaptha a chur in ord tosaíochta do na (fo-)earnálacha ar tháinig na bacainní is mó orthu nó a bhfuil ábharthacht mhór eacnamaíoch acu, mar a sainaithníodh le hanailís chomhordaithe, chomh maith le riachtanais shonracha na bhfiontar nuathionscanta agus na bhfiontar atá i mbun fáis; gníomhaíocht ón mbun aníos agus réitigh phragmatacha a ghríosú;

iv) bunaithe ar an obair sin, réitigh iomchuí a shainaithint, ar féidir iad a aistriú ina dtionscnaimh reachtacha nó neamhreachtacha, chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sonracha.

v) an clár oibre, a ghníomhaíochtaí agus a thorthaí a chur ar fáil go poiblí trédhearcach, i gClár Scór an Mhargaidh Aonair, mar shampla

vi) aghaidh bhreise a thabhairt ar an ngá atá le faisnéis spriocdhírithe do ghnólachtaí, fiontraithe agus saoránaigh maidir le gnó a dhéanamh agus le bheith ag obair i mBallstáit eile, lena n-áirítear trí úsáid iomlán a bhaint as na Pointí Teagmhála Aonair, an Tairseach Aonair Dhigiteach, an Eoraip Agatsa, SOLVIT agus Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) agus rannpháirtíocht, i gcás inarb iomchuí, geallsealbhóirí agus úsáideoirí ionchasacha;

13. AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn atá déanta i réimse na n-earraí trí thograí Phacáistí na nEarraí a ghlacadh agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit na rialacháin nua maidir le haitheantas frithpháirteach agus faireachas margaidh a chur i bhfeidhm go héifeachtach le go gcuirfear le hiontaoibh tomhaltóirí agus gnólachtaí as an Margadh Aonair. IARRANN SÍ ar na comhreachtóirí cur i bhfeidhm phrionsabail an chreata nua reachtaíochta a choimirciú agus reachtaíocht chomhchuibhithe earraí á glacadh chun ualach riaracháin a íoslaghdú trí chomhsheasmhacht rialála agus solúbthacht.

14. CUIREANN SÍ I dTREIS an dul chun cinn a rinneadh le déanaí sa réimse cosanta tomhaltóirí agus ar an ngá le hobair bhreise chun ardleibhéal cosanta tomhaltóirí a áirithiú atá cothrom le dáta leis na mearfhorbairtí digiteacha agus lena gcuirtear le doimhniú an Mhargaidh Aonair, agus le rochtain tomhaltóirí trasteorann ar earraí agus ar sheirbhísí, agus riachtanais FBManna á gcur san áireamh chun ardleibhéil forbartha gnó agus fostaíochta a éascú.

15. AITHNÍONN SÍ gurb ann fós do bhacainní sa mhargadh seirbhísí, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibriú i gcomhpháirtíocht le chéile ar bhacainní a bhaint, bunaithe ar dhúshláin shonracha a dtagann gnólachtaí orthu; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún treoir bhreise a chur ar fáil chun cur chun feidhme na rialacha agus na n-ionstraimí reatha i seirbhísí a fheabhsú, agus chun foghlaim fhrithpháirteach a éascú trí thaithí agus dea-chleachtais idir na Ballstáit a chomhroinnt agus a bhrath.

16. IARRANN SÍ freisin ar an gCoimisiún, agus é ag obair ar chur chun feidhme, cur i bhfeidhm, agus forfheidhmiú feabhsaithe na n-ionstraimí reatha, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- faoi Mhárta 2020, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, plean gníomhaíochta fadtéarmach a cheapadh chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú níos fearr a dhéanamh ar rialacha an Mhargaidh Aonair, lena n-áirítear trédhearcacht agus úinéireacht pholaitiúil a mhéadú chun cosaint níos fearr a dhéanamh ar leasanna na ngeallsealbhóirí uile trí e.g. feabhas a chur ar Chlár Scór an Mhargaidh Aonair in éineacht leis na Ballstáit, trí fheabhas a chur ar an gcomhar i measc údaráis na mBallstát, trí chuidiú leis na Ballstáit i gcur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú reachtaíocht agus ionstraimí an Mhargaidh Aonair, agus trí obair leantach chuí agus tacaíocht piaraí i measc na mBallstát a áirithiú;

- tuarascáil bhliantúil a thíolacadh a phléifidh an Chomhairle maidir le staid reatha chomhtháthú agus feidhmiú an Mhargaidh Aonair, lena n-áirítear cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus measúnú na rialachán, na dtreoracha agus na n-ionstraimí reatha.

- na huirlisí faisnéise lena gcuirtear faisnéis shaincheaptha ar fáil do ghnólachtaí a neartú maidir leis na rialacha lena rialáiltear an Margadh Aonair, i bhfianaise na castachta rialála;

- cur chun feidhme spriocdhírithe saincheaptha na Tairsí Aonair Digití a áirithiú trí shásraí comhordúcháin éifeachtacha a bhunú idir na Ballstáit, chun malartú sonraí bunaithe ar Airteagal 14 den Rialachán a chur chun feidhme, agus sásra a éascú chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na faisnéise, na nósanna imeachta agus na seirbhísí cúnaimh a bhfuil an tairseach nasctha leo agus ar cháilíocht na mbeart lena dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna cáilíochta;

- fiosrú faoi úsáid a bhaint, i gcás inarb iomchuí, as deiseanna trialacha rialála i gcomhair na rialachán a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair i dtimpeallacht dhigiteach, go háirithe ar na tionscadail a bhaineann leis an intleacht shaorga a úsáid;

- atreisiú breise ar SOLVIT trína áirithiú go dtabharfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún tacaíocht leordhóthanach dá oibriú éifeachtach, lena n-áirítear trí dhul i ngleic leis na cásanna struchtúracha agus aisfhillteacha bunaithe ar anailís a dhéanfaidh an Coimisiún trí fheabhas a chur ar an acmhainneacht riaracháin atá ag lárionaid SOLVIT, agus feasacht á hardú ar SOLVIT mar uirlis réitigh fadhbanna agus ar luach shonraí SOLVIT i dtaca le bonn fianaise a thabhairt d' fhorfheidhmiú dhlí an Aontais gona phróiseas reachtóireachta;

- úsáid ardán IMI a mhéadú chun cuidiú a thabhairt do ghluaiseachtaí na saoránach agus na ngnólachtaí ar fud an Aontais, rud a rannchuideoidh le comhlíonadh dhlí an Aontais agus le feidhmiú níos fearr an Mhargaidh Aonair;

- oibriú i gcomhar leis na Ballstáit ar chur chuige i leith cómhalartachta atá straitéiseach inbhuanaithe nuálach a chur chun cinn, tríd an gcreat reatha um chómhalartacht phoiblí a chur chun feidhme, agus margadh cómhalartachta dea-fheidhmiúil éifeachtúil ar fud an Aontais a áirithiú ag an am céanna. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá díriú, *inter alia*, ar phroifisiúnú ceannaitheoirí poiblí, ar na deiseanna a eascraíonn as an digitiú a chothú – amhail uirlisí ríomhsholáthair agus, caighdeánú na hidiroibríochta – chomh maith le soláthar trasteorann agus rochtain ag FBManna agus fiontair nuathionscanta a fheabhsú;

- oibriú i gcomhar leis na Ballstáit agus le gach gníomhaí lena mbaineann chun trédhearcacht agus cuimsitheacht chóras caighdeánaithe na hEorpa a mhéadú, feabhas a chur ar an bpróiseas chun caighdeáin Eorpacha a fhorbairt agus a ghlacadh, ionas go mbeidh siad oiriúnaithe níos fearr don ghá atá le réitigh theicneolaíocha úrscothacha a cheapadh, i gcomhthéacs idirnáisiúnta freisin, agus leanúint d'iarrachtaí a dhéanamh deireadh a chur le riaráiste na gcaighdeán comhchuibhithe nár foilsíodh fós in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---